

COVID-19 Ag tógáil clainne

Coinnigh Dearfach

Tá sé deacair a bheith dearfach nuair atá ár gcuid gasúr nó déagóirí á gcur as ár meabhair. Is minic nach mbíonn againn ach a rá leo "Stop á dhéanamh sin!" Ach tá seans níos fearr ann go ndéanfaidh gasúir an rud a iarrann muid orthu má thugann muid teoracha dearfacha dóibh agus moladh go leor faoin rud a dhéanann siad ceart.

Abair leo céard atá tú ag iarraidh orthu a dhéanamh

Úsáid focail dhearfacha nuair a bhíonn tú ag rá le do ghasúr céard a dhéanfaidh siad; ar nós 'An gcuirfidh tú do chuid éadaí i dtaisce más é do thoil é' (in áit a rá 'ná bíodh droch-chuma fágtha agat ar an áit!')

Tá an-tábhacht sa gcaoi a labhraíonn tú leo

Má bhíonn tú ag béiceadh ar an ngasúr, beidh níos mó strusa agus oile ort féin agus orthu sin. Úsáid ainm an ghasúir lena n-aird a fháil. Labhair go réidh.

Mol do ghasúr nuair a bhíonn siad á n-iompar féin go maith

Déan iarracht do ghasúr nó déagóir a mholadh nuair a dhéanann siad rud éigin go maith. B'fhéidir nach dtaispeánfaidh siad é, ach feicfidh tú iad ag déanamh an rud sin go maith arís. Cuirfidh sé ina luí orthu freisin gur thug tú faoi deara é agus go raibh suim agat ann.




Bí réadúil

An féidir le do ghasúr an rud atá tú a iarraidh orthu a dhéanamh i ndáiríre? Bheadh sé an-deacair ag gasúr fanacht ciúin taobh istigh sa teach an lá ar fad ach b'fhéidir go bhféadfadh siad fanacht ciúin ar feadh 15 nóiméad agus tú ar ghlaoch gutháin

Tabhair cúnamh do do chuid déagóirí fanacht i dteagmháil le daoine eile

Bíonn ar dhéagóirí go háirithe a bheith in ann fanacht i dteagmháil lena gcuid cairde. Tabhair cúnamh do do chuid déagóirí ceangal a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus ar bhealaí eile atá sábháilte agus daoine ag fanacht scartha amach óna chéile. Is rud é seo is féidir libh é a dhéanamh le chéile, freisin!



Cliceáil anseo chun tuilleadh leideanna a fháil faoi a bheith ag tógáil clainne!

An Eagraíocht
Dhomhanda Sláinte
(WHO)

Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta
na Náisiún Aontaithe do
Leanaí (UNICEF)

Teangacha eile

Fianaise



unicef
for every child



The mark "CDC" is owned by the US Dept of Health and Human Services and is used with permission. Use of this logo is not an endorsement by WHO or CDC of any particular product, service, or enterprise.



The COVID-19 Playful Parenting Emergency Response is supported by the LEGO Foundation, the philanthropic donors to the University of Oxford's COVID-19 Research Response Fund, and the UKRI GCRF Accelerating Achievement for Africa's Adolescents (Accelerate) Hub. Research on Parenting for Lifelong Health is supported by the UKRI GCRF Accelerate Hub, the Oak Foundation, the European Research Council (ERC) under the European Union's Seventh Framework Programme and the Horizon 2020 Research and Innovation Programme, the Global Alliance for Chronic Diseases under the European Union's Horizon 2020 Research and Innovation Programme, UNICEF, WHO, Oxford University Innovation GCRF Sustainable Impact Fund, the Leverhulme Trust, the Economic and Social Research Council, CIDA, the National Research Foundation of South Africa, Ilifa Labantwana, the John Fell Fund, the Evaluation Fund, the UBS Optimus Foundation, USAID-PEPPAR, the Wellcome Trust, Grand Challenges Canada and WellSpring Advisors.